Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

15187/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0550 (COD)

| | |
|---|---|
| CULT 120 | SAN 733 |
| AUDIO 106 | IND 506 |
| FREMP 324 | COMPET 1152 |
| CODEC 1792 | PROCIV 145 |
| CADREFIN 318 | HYBRID 141 |
| FIN 1344 | DISINFO 95 |
| IA 189 | JAI 1663 |
| JEUN 231 | SERVICES 78 |
| EDUC 438 | POLGEN 196 |
| CULT HERIT 23 | MI 899 |
| SOC 772 | RELEX 1462 |
| GENDER 198 | INF 219 |
| DIGIT 235 | COPEN 341 |
| DATAPROTECT 294 | JUSTCIV 184 |
| ANTIDISCRIM 107 | DROIPEN 134 |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818<br>– *Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

# I. RÉAMHRÁ

An 16 Iúil 2025, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' don tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818[1].

[1] 11771/25 + ADD 1 REV 1 + ADD 2 + ADD 3

Chuir an Coimisiún an togra uaidh agus an tuarascáil ghaolmhar ar an measúnú tionchair faoi bhráid an Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha an 3 Meán Fómhair 2025. Iarradh ar chomhaltaí na Meithle um Chlosamharc agus Meáin agus na Meithle um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine[2] páirt a ghlacadh sa phlé sin agus i bplé eile a bhaineann le 'AgoraEU'. Leanadh den scrúdú ar an tuarascáil ar an measúnú tionchair agus tugadh chun críche é ag cruinniú an Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha an 26 Meán Fómhair 2025. Tá achoimre ar an bplé le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an doiciméad seo.

Ós rud é gur cuid den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2028 go 2034 é an Rialachán atá beartaithe, cuireadh na forálacha uile a sainaithníodh a bheith faoi réir caibidlíocht chothrománach ar leataobh agus tabharfar aghaidh orthu níos déanaí le linn na caibidlíochta maidir le CAI. Baineann na forálacha sin, atá idir lúibíní cearnacha sa téacs, le haithris 4 (imchlúdach airgeadais), aithris 30 (cur chun feidhme i gcomhréir le hIonstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas), aithris 31 (ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais), aithris 35 (comhréireacht leis an Rialachán Feidhmíochta), aithris 40 (fad), Airteagal 1 (fad), Airteagal 11 (buiséad) agus Airteagal 15 (ráthaíocht bhuiséadach nó ionstraim airgeadais).

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha, i ndlúthchomhar le comhaltaí na Meithle um Chlosamharc agus Meáin agus na Meithle um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine, scrúdú ar an togra i sé chruinniú ó mhí Mheán Fómhair i leith. Chuir an Coimisiún mínithe breise ar fáil maidir le saincheisteanna éagsúla (saincheisteanna cothrománacha – lena n-áirítear saincheisteanna airgeadais – agus breithnithe, sineirgí le cláir agus beartais eile de chuid an Aontais) agus thug sé dá aire gur mian le toscaireachtaí tuilleadh sonraí a chur ar fáil i dtogra an chláir.

D'ainneoin na tréimhse teoranta ama a bhí ar fáil chun plé a dhéanamh ar an togra, bhíothas in ann roinnt ábhar a shainaithint ar mhaith le formhór na dtoscaireachtaí a chur leis an téacs nó a shoiléiriú ann (e.g. nós imeachta coiste, sainmhínithe agus deasca cláir). Féachtar sa tuarascáil seo le hachoimre a thabhairt ar phríomhfhreagairtí na dtoscaireachtaí (i roinn II thíos).

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós ag roinnt Ballstát maidir leis an gclár atá beartaithe.

---

[2] Tá an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta (Comhionannas Inscne agus Frith-Idirdhealú) nasctha leis an gcomhad mar chomhphobal comhlachaithe.

I bParlaimint na hEorpa, déanann na Coistí CULT (Cultúr agus Oideachas) agus LIBE (Saoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile) an togra a scrúdú go comhpháirteach. Tá ceapadh an rapóirtéara ar an togra ar feitheamh.

Tá sé éigeantach dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún. Meastar go nglacfar an tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18-19 Feabhra 2026. Meastar go nglacfar an tuairim ó Choiste na Réigiún an 4-5 Márta 2026.

## II. STAID NA HIMEARTHA

Ba dhíol sásaimh d'fhormhór na dtoscaireachtaí an togra ón gCoimisiún lena gcomhtháthaítear an clár reatha Eoraip na Cruthaitheachta agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna – CERV. D'aithin siad aidhm an Choimisiúin sineirgí agus comhleanúnachas a mhéadú agus cur ar chumas an chláir a bheidh ann amach anseo freagairt ar na dúshláin thromchúiseacha a dhéanann bagairt ar luachanna an Aontais Eorpaigh, ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar earnálacha na cruthaitheachta agus na meán, lena n-áirítear bagairtí i bhfoirm bréagaisnéise.

Cuireadh fáilte freisin roimh na trí shraith ar leith atá beartaithe (Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr, MEDIA+ agus CERV+). Mhol roinnt toscaireachtaí, áfach, go ndéanfaí na snáitheanna a dháileadh ar bhealach éagsúil (lena ndéanfaí an snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr agus an cuspóir 'Closamharc' a chumasc i snáithe EORAIP NA CRUTHAITHEACHTA, agus snáithe NUACHT ar leith a bheith ann). Mhol toscaireachtaí eile snáithe TRASEARNÁLA ar leith a chur isteach.

In ainneoin gur fhreagairtí dearfacha den chuid is mó a fuarthas maidir le struchtúr an togra, chuir a lán toscaireachtaí in iúl go raibh imní orthu go bhféadfadh an baol a bheith ann, dá ndéanfaí na cláir a chomhtháthú, ó tharla go bhfuil easpa mionsonraí sa togra agus i bhfianaise ainm nua an togra 'AgoraEU', go ndéanfaí codanna agus snáitheanna sonracha an togra a mhaolú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé níos deacra cur le dea-cháil sheanbhunaithe agus le rath na gclár reatha. Go deimhin, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur mian leo an t-ainm atá beartaithe don chlár agus/nó ainmneacha na snáitheanna a athrú nó cur leo.

Tríd is tríd, d'aontaigh na toscaireachtaí leis an iarraidh go mbeadh solúbthacht sa chlár atá beartaithe agus go bhféachfaí chuige ann go mbeidh cuspóirí an chláir slán i bhfad na haimsire. Ag an am céanna, chuir na toscaireachtaí in iúl nár cheart go mbeadh an trédhearcacht ná an intuarthacht thíos leis de bharr an ghá a bheidh le hinoiriúnaitheacht amach anseo.

Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí freisin an simpliú atá beartaithe ar an bpróiseas iarratais ar chistiúchán, agus leag roinnt mhaith díobh béim ar an ngá atá le hualach riaracháin iomarcach ar thairbhithe a sheachaint.

Sa chomhthéacs sin, leag na toscaireachtaí béim arís agus arís eile ar a thábhachtaí atá sé soiléiriú a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh na Ballstáit rannpháirteach i gcur chun feidhme an chláir a luaithe a ghlacfar é. Chuir beagnach gach toscaireacht a thug barúlacha in iúl gurbh fhearr leo coiste cláir a bhunú.

## 1. Sainmhínithe (Airteagal 2)

D'iarr roinnt toscaireachtaí sainmhínithe níos soiléire, lena n-áirítear sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus leag siad béim ar an ngá atá le soiléiriú níos fearr maidir le spriocghrúpaí i ngach snáithe den togra.

## 2. Cuspóirí an chláir (Airteagal 3)

Cé go bhfuil tacaíocht ghinearálta i measc na dtoscaireachtaí do chuspóirí an chláir, mhol cuid acu ábhar breise a chur leis an téacs. Mar shampla, mhol cuid acu go n-áireofaí tagairtí d'imthosca speisialta tíortha beaga, teangacha mionlaigh, agus tíortha a bhfuil acmhainneacht níos lú acu.
I réimse na meán, moladh 'iolrachas sna meáin' a chur isteach mar chuspóir an chláir. Thairis sin, d'áitigh roinnt toscaireachtaí go n-áireofaí 'soghluaisteacht' agus 'nuálaíocht' i gcuspóirí ginearálta an tsnáithe 'Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr'. Mhol toscaireachtaí eile go n-áireofaí 'comhionannas inscne' i gcuspóirí ginearálta an tsnáithe CERV+.

## 3. An snáithe Eoraip na Cruthaitheachta – an Cultúr (Airteagal 4)

Áiríodh i mbarúlacha na dtoscaireachtaí an moladh go gcuirfí tuilleadh sonraí ar fáil maidir le tionscadail agus gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear tagairt shainráite do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa agus do ghníomhaíochtaí an Lipéid Oidhreachta Eorpaigh (Airteagal 4(g)) i gcorp an téacs (seachas san fhonóta amháin). Dhírigh roinnt toscaireachtaí freisin ar an ngá atá le leanúint de thionscnaimh lena ndírítear ar earnálacha sonracha ar nós earnáil an cheoil agus earnáil na foilsitheoireachta.

## 4. Snáithe MEDIA+ (Airteagail 5-6)

Go ginearálta, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an cuspóir 'Nuacht' atá beartaithe faoi shnáithe Media+. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leanúint den rath atá ar shnáithe reatha chlár MEDIA Eoraip na Cruthaitheachta a threisiú faoin gcuspóir 'Closamharc' atá beartaithe. Mar thoradh air sin, d'iarr a lán toscaireachtaí go gcoinneofaí an dá chuspóir faoin snáithe seo ar leithligh. Ba mhian le roinnt mhaith toscaireachtaí a chur i bhfios go láidir gur cheart táirgeoirí neamhspleácha a lua mar tháirgeoirí atá incháilithe do thacaíocht faoin gcuspóir 'Closamharc'. Cé gur aithin a lán toscaireachtaí ábharthacht na réimsí tacaíochta, cosanta agus cur chun cinn atá beartaithe faoin gcuspóir 'Nuacht', chuir cuid acu in iúl gur mian leo an fócas ar réimsí áirithe a neartú, ar nós litearthacht sna meáin. D'ardaigh toscaireachtaí eile ceisteanna maidir le coincheapa ar nós 'gnóthaí an Aontais'. Ba dhíol sásaimh do roinnt mhaith toscaireachtaí freisin an bhéim bhreise a cuireadh ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht speisialta a thabhairt don nuacht áitiúil agus réigiúnach; leag roinnt mhaith acu béim ar an ngá sin, agus, i gcásanna áirithe, d'éiligh siad go gcuirfí tuilleadh béime air.

## 5. Snáithe CERV+ (Airteagail 7-9)

Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí na cuspóirí sonracha faoin snáithe CERV+ ('Cearta, Comhionannas, Saoránaigh agus an tSochaí Shibhialta', 'Daphne' agus 'Rannpháirtíocht dhaonlathach agus an smacht reachta'), atá ríthábhachtach i gcónaí ar fud an Aontais. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur mian leo gníomhaíochtaí nithiúla agus eagraíochtaí a lua sa téacs, mar atá na gníomhaíochtaí a bhaineann le 'Nascadh Bailte', 'Líonraí Bailte' agus an 'Grúpa Idirphlé Shibhialta'. Chomh maith leis sin, d'iarr a lán toscaireachtaí go ndéanfaí tuilleadh tagairtí sa téacs do 'inscne' (lena n-áirítear príomhshruthú inscne, comhionannas inscne, agus féiniúlacht inscne etc.), agus b'fhearr le roinnt toscaireachtaí eile go ndéanfaí 'inscne' a léamh ar bhealach níos cúinge, i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta. Thairis sin, creideann roinnt toscaireachtaí gur cheart tuilleadh tagairtí do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur isteach, cé gur iarr cuid acu go ndéanfaí tuilleadh tagairtí do ghníomhaíochtaí cuimhneacháin. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar na cláir oibre 2 bhliain atá sa chlár CERV atá ann faoi láthair mar chláir atá fiúntach ó thaobh cur chun feidhme de, agus chuir siad in iúl gur mian leo go leanfaí de chláir ilbhliantúla faoi 'AgoraEU'.

## 6. Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha (Airteagal 10)

Ar an iomlán, mheas na toscaireachtaí go raibh tábhacht ag baint leis an ngné thrasearnálach chothrománach in Airteagal 10, ach d'ardaigh siad a lán ceisteanna maidir leis an Airteagal a chur chun feidhme. Mar shampla, luaigh roinnt toscaireachtaí nach bhfuil aon mhíniú nithiúil ar an gcaoi a roghnófar na gníomhaíochtaí agus na tionscadail chothrománacha ná ar an gcaoi a gcuirfear i gcrích iad, agus mhol siad critéir roghnúcháin a chur isteach chun trédhearcacht agus intuarthacht a áirithiú. Thairis sin, bhí imní ar a lán toscaireachtaí go mbeidh na trí shnáithe atá sa chlár atá beartaithe thíos leis mar gheall ar an tacaíocht do thionscadail chothrománacha. Chuir na toscaireachtaí in iúl freisin go raibh imní orthu go bhféadfadh na tionscadail chothrománacha níos mó ualaí a chur ar iarratasóirí. D'iarr roinnt toscaireachtaí níos mó soiléireachta maidir lena bhfuil i gceist le coincheapa ar nós 'dioscúrsa poiblí' nó 'ullmhacht shochaíoch' (Airteagal 10(a)), agus cheistigh cuid acu brí na habairte deiridh den Airteagal (a bhaineann le maoiniú) agus mhol siad foclaíocht níos soiléire. Leag na toscaireachtaí uile a rinne trácht ar an Airteagal béim ar an ról ríthábhachtach atá ag deasca cláir/pointí teagmhála. Dar le formhór na dtoscaireachtaí gur cheart do na deasca/na pointí teagmhála leanúint dá ngníomhaíochtaí reatha agus den leagan amach atá orthu amach anseo. Mhol roinnt toscaireachtaí airteagal ar leith a bheadh dírithe ar dheasca/pointí teagmhála. Thug na toscaireachtaí dá n-aire gur athdhearbhaigh an Coimisiún go mbeadh ról tábhachtach ag na deasca sa chlár nua 'AgoraEU', ach d'iarr cuid acu go luafaí é sin go sainráite sa téacs. Thug siad dá n-aire freisin nach raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún cur chuige 'a oireann do chách' a chur i bhfeidhm maidir le deasca/pointí teagmhála amach anseo.

## 7. Acmhainní breise agus cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach (Airteagail 12-13)

D'ardaigh roinnt toscaireachtaí ceisteanna maidir le himpleachtaí Airteagal 12 agus Airteagal 13, ar Airteagail de chineál cothrománach iad agus nach bhfuil dírithe go heisiach ar 'AgoraEU'. Dhearbhaigh na toscaireachtaí gur díol sásaimh dóibh go bhféadfaí sineirgí agus comhar a áireamh sna hairteagail agus thug siad dá n-aire an míniú ón gCoimisiún nach bhforchuirtear aon oibleagáidí leis na hairteagail atá beartaithe.

## 8. Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár (Airteagal 14)

D'ardaigh na toscaireachtaí ceisteanna maidir le brí an téacs atá beartaithe. Mar shampla, cuireadh ceisteanna maidir leis an rún taobh thiar den chatagóir iarmharach in Airteagal 14.1(d) maidir le 'tríú tíortha eile'. Ag an am céanna, thug na toscaireachtaí dá n-aire gur téacs cothrománach a bhí in Airteagal 14 agus gur cheart déileáil leis amhlaidh, cé is moite d'Airteagal 14.3 lena gceanglaítear go gcuirfear an margadh closamhairc sna tíortha lena mbaineann san áireamh nuair a cheadófar rannpháirtíocht faoin gcuspóir sonrach 'Closamharc' faoi Airteagal 3, ag féachaint freisin dá chomh gar atá a gcreat dlíthiúil do *acqui*s an Aontais maidir leis na meáin chlosamhairc.

## 9. Incháilitheacht (Airteagal 16)

D'iarr roinnt toscaireachtaí soiléiriú maidir leis an bhforáil atá beartaithe, ar téacs cothrománach é, cé is moite d'Airteagal 16.6 lena gceadaítear deontas oibriúcháin (gan glao ar thogra) a thabhairt do Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais Náisiúnta (Equinet). Go háirithe, chuir roinnt toscaireachtaí in iúl gur mian leo go mbeadh eagraíochtaí beaga incháilithe le haghaidh tacaíochta, agus bhí rochtain chothrom ar chistiú, ó thaobh na geografaíochta de, a lorg acu freisin.

## 10. Clár oibre (Airteagal 17)

Chuir beagnach gach toscaireacht a thug barúlacha in iúl gurbh fhearr leo coiste cláir a bhunú sa togra. Dá ndéanfaí sin, thabharfaí soiléireacht agus cinnteacht maidir le rannpháirtíocht na mBallstát sa chlár nua 'AgoraEU'. Leag roinnt toscaireachtaí béim ar chomh maith agus a d'éirigh leis an gclár oibre 2 bhliain (a cuireadh i bhfeidhm i gcás an chláir CERV). B'fhearr le toscaireachtaí eile dá mbeadh cláir oibre bhliantúla ann (mar a bhí i gcás an chláir Eoraip na Cruthaitheachta).

## 11. Forálacha críochnaitheacha (Airteagail 18 go 20)

Thug na toscaireachtaí dá n-aire na forálacha críochnaitheacha (maidir le haisghairm, forálacha idirthréimhseacha agus teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm).

## 12. Aithrisí

Cuireadh tús leis an scrúdú ar aithrisí sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha le haithrisí 1 go 19. Luadh arís cuid mhór de na barúlacha a tugadh i ndáil leis an gcuid oibríochtúil den téacs i gcás na n-aithrisí a pléadh. Foráiltear go scrúdófar an chuid eile de na haithrisí ag cruinniú den Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha an 9 Nollaig.

# III. MOLTAÍ

Tar éis scrúdú a dhéanamh ar an togra sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha[3], shainaithin an Uachtaránacht trí ghné a mheas formhór na dtoscaireachtaí a bheith in easnamh sa chuid oibríochtúil den togra, ar thíolaic an Uachtaránacht tograí dréachtaithe ina leith, bunaithe ar na cláir reatha. Is iad sin:

1. **nós imeachta coiste;** i.e. foráil a chuirfear leis an téacs lena bhforáiltear go nglacfar cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus lena dtugtar isteach (an athuair) coiste cláir a áiritheoidh go mbeidh ról ag na Ballstáit i gcur chun feidhme an chláir;
2. **sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta;** tríd an gcéad chuid den sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta sa chlár Eoraip na Cruthaitheachta atá ann faoi láthair a thógáil, ach an liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí ó earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a fhágáil ar lár chun go mbeidh an sainmhíniú slán i bhfad na haimsire;
3. **deasca cláir/pointí teagmhála;** i.e. deasca cláir (Eoraip na Cruthaitheachta) a thabhairt isteach (an athuair) sa chuid oibríochtúil den téacs agus pointí teagmhála (CERV) a rachadh i dteagmháil le hiarratasóirí féideartha agus a chuirfeadh comhairle orthu agus a chuirfeadh an clár chun cinn.

[3] Le rannpháirtíocht chomhaltaí Mheitheal na Comhairle um Chlosamharc agus Meáin, chomhaltaí na Meithle um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine – FREMP agus chomhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta (Comhionannas Inscne agus Frith-Idirdhealú) mar chomhphobal comhlachaithe.

Tá na moltaí maidir le dréachtú a bhaineann leis na trí ghné sin le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an nóta seo. Cuireadh na moltaí sin i láthair ag cruinniú den Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha an 14 Samhain agus ba mhór ag formhór na dtoscaireachtaí an anailís a rinne an Uachtaránacht ar na saincheisteanna is ábhartha a sainaithníodh nuair a scrúdaíodh an togra.

Ní dhéantar dochar, leis an moladh ón Uachtarán sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chur sa dréachtchlár, do shainmhínithe eile a bhaineann leis na snáitheanna uile atá beartaithe agus na cuspóirí sonracha uile, nó le cuid díobh, a d'fhéadfaí a chur sa chlár atá beartaithe. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht grinnphlé a dhéanamh ar an idirghníomhú idir na sainmhínithe éagsúla sna snáitheanna éagsúla.

**IARSCRÍBHINN I**

**Plé sa Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha maidir leis an tuarascáil ar an measúnú tionchair ón gCoimisiún Eorpach**

Ag an gcruinniú a bhí ag an gCoiste um Ghnóthaí Cultúrtha an 3 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún a thuarascáil ar an measúnú tionchair maidir leis an togra[4]. Iarradh ar chomhaltaí na Meithle um Chlosamharc agus Meáin agus na Meithle um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine páirt a ghlacadh sachruinniú. Roimh an gcruinniú, fuair comhaltaí na dtrí mheitheal faisnéis maidir le tuarascálacha ar an measúnú tionchair mar aon le seicliosta táscach chun cuidiú leis an bplé a ullmhú.

Tar éis chur i láthair an Choimisiúin[5], bhí dhá phlé ann (an 3 Meán Fómhair agus an 26 Meán Fómhair 2025) ar chuir na toscaireachtaí tuairim dhearfach fhoriomlán in iúl lena linn maidir leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta agus an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna a bhí ann roimhe seo a chumasc in aon chlár amháin, i bhfianaise na hacmhainneachta le haghaidh sineirge agus comhleanúnachas níos fearr idir cuspóirí an dá chlár. Ag an am céanna, rinne na toscaireachtaí roinnt iarrataí ar shoiléiriú mar gheall ar easpa mionsonraí sa togra. Mar shampla, luadh go raibh sé tábhachtach leithdháileadh cothrom na gcistí a áirithiú idir na snáitheanna éagsúla atá beartaithe i struchtúr nua an chláir, ach ní raibh aon leithdháileadh táscach sa togra. Thairis sin, cuireadh in iúl go mbeadh ar 'AgoraEU' leanúint de phointí teagmhála/deasca cláir na gclár reatha chun a chuspóirí a bhaint amach. Bhí an rud céanna i gceist le ceist an rialachais, inar cuireadh in iúl go raibh an fhaisnéis maidir leis an gcaoi a gcuirfí an clár chun feidhme teoranta. Ina theannta sin, cheistigh toscaireacht amháin an bunús dlí maidir leis na meáin nuachta, i bhfianaise inniúlacht láidir na mBallstát sa réimse sin.

Mar thoradh ar an iarraidh ón Uachtaránacht maidir le faisnéis nó sonraí ó fhoinsí náisiúnta a chomhroinnt i ndáil leis na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an togra ar 'AgoraEU', roinn toscaireacht amháin faisnéis ó fhoinsí náisiúnta atá ábhartha don snáithe 'Eoraip na Cruthaitheachta — Cultúr' den chlár[6].

---

4 11771/25 ADD 1 REV 1
5 WK 10908/2025
6 WK 14470/2025

**Trí thogra dréachtaithe don chlár 'AgoraEU' atá beartaithe**[7]

## 1. Moltaí maidir le dréachtú a bhaineann leis an nós imeachta coiste

***Airteagal 17 agus Airteagal 18A nua***

*Airteagal 17*

***Clár oibre***

1. Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. Leagfar amach sna cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, na gníomhaíochtaí agus na méideanna gaolmhara tacaíochta ón Aontas a bheidh le cur chun feidhme trí ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas.

2. **Glacfaidh an Coimisiún na cláir oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18A.**

***Airteagal 18A***

***Nós imeachta coiste***

1. **Tabharfaidh coiste (an 'Coiste AgoraEU') cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

[7] Aon ní a cuireadh isteach i gcomparáid le téacs an togra (11771/25), aibhsítear é **i gcló trom agus líne faoi**.

**2.** **Féadfaidh an coiste teacht le chéile i bhfoirmíochtaí sonracha chun déileáil le saincheisteanna nithiúla a bhaineann le snáitheanna ar leith de chuid an Chláir.**

**3.** **I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.**

*Réasúnú:*

*Chuir na toscaireachtaí in iúl gur mian leo a bheith rannpháirteach i gcur chun feidhme an chláir a luaithe a ghlacfar é. Measann an Uachtaránacht gurb é an bealach is iomchuí agus is struchtúrtha chun é sin a bhaint amach ná trí choiste a thabhairt isteach (an athuair) a chuirfidh i bhfeidhm an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh 182/2011 i ndáil le cláir oibre a ghlacadh.*

*Tá na leasuithe bunaithe ar Airteagail 15 agus 24 de Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus ar Airteagail 15 agus 22 den Chlár CERV.*

**2. Moltaí maidir le dréachtú i ndáil le sainmhínithe**

***Airteagal 2***

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. ciallaíonn 'nós imeachta dámhachtana' nós imeachta dámhachtana, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, chomh maith le nósanna imeachta um thabhairt ar iontaoibh cur chun feidhme tacaíochta agus soláthar tacaíochta trí ionstraimí airgeadais, um an ráthaíocht bhuiséadach a dheonú, nó um thacaíocht a sholáthar faoin ráthaíocht bhuiséadach.

2. **<u>ciallaíonn 'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta' gach earnáil:</u>**

(a) **<u>ar fíor an méid seo a leanas i leith a ngníomhaíochtaí, a bhféadfadh cuid mhór acu nuálaíocht agus poist a ghiniúint, go háirithe a bhuí le maoin intleachtúil:</u>**

(i) **<u>tá siad bunaithe ar luachanna cultúrtha agus ar léirithe ealaíonta agus ar léirithe cruthaitheacha eile de chineál aonarach agus de chineál comhchoiteann; agus</u>**

(ii) **<u>áiríonn siad forbairt, cruthú, táirgeadh, scaipeadh agus caomhnú earraí agus seirbhísí a chorpraíonn léirithe cultúrtha nó ealaíonta nó léirithe cruthaitheacha eile, chomh maith le feidhmeanna gaolmhara ar nós an oideachais nó na bainistíochta;</u>**

(b) **<u>beag beann ar na nithe seo a leanas:</u>**

(i) **<u>an bhfuil gníomhaíochtaí na n-earnálacha sin margadh-dhírithe nó an bhfuil siad dírithe ar réimse eile;</u>**

(ii) **<u>an cineál struchtúir trína seoltar na gníomhaíochtaí sin; agus</u>**

(iii) **<u>an tslí ina maoinítear an struchtúr sin</u>**

*Réasúnú*:

*D'iarr na toscaireachtaí go dtabharfaí sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Mhol an Uachtaránacht an sainmhíniú ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta atá sa Rialachán atá ann faoi láthair maidir leis an gClár Eoraip na Cruthaitheachta a thabhairt isteach (an athuair), agus ar an gcaoi sin níos mó soiléireachta a chur ar fáil maidir le spriocghrúpaí. Ag an am céanna, aontaíonn an Uachtaránacht le hargóint an Choimisiúin nach mór don chlár 'AgoraEU' a bheith solúbtha agus slán i bhfad na haimsire. Dá bhrí sin, molann an Uachtaránacht gan liosta neamh-uileghabhálach d'earnálacha éagsúla an chultúir agus na cruthaitheachta a áireamh, mar is amhlaidh i gcás an Chláir Eoraip na Cruthaitheachta reatha.*

*Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéantar dochar, leis an moladh ón Uachtaránacht, do shainmhínithe eile a bhaineann leis na snáitheanna uile atá beartaithe agus na cuspóirí sonracha uile, nó le cuid díobh, a d'fhéadfaí a chur sa chlár atá beartaithe.*

*Tá an méid atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 2 den Chlár Eoraip na Cruthaitheachta atá ann faoi láthair.*

3. Moltaí a dhréachtú maidir le deasca cláir/pointí teagmhála

***Airteagal 10***

***Caibidil V***

**Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha**

*Airteagal 10*

Laistigh de na cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3, beidh an Clár ina thaca leis na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha seo a leanas:

(a) comhar agus nuálaíocht trasearnálach ar fud réimsí an chultúir, na meán agus réimsí sibhialta, agus sláine an dioscúrsa phoiblí a chosaint, agus dá réir sin athléimneacht dhaonlathach, ullmhacht shochaíoch agus rannpháirtíocht chultúrtha agus saoránach a neartú;

(b) úsáid fhreagrach a bhaint as uirlisí nuálacha agus as teicneolaíochtaí ábhair, go háirithe an Intleacht Shaorga, chomh maith le forbairt scileanna agus fothú acmhainneachta trí chuir chuige thrasearnála;

(c) gníomhaíochtaí chun reachtaíocht agus beartas ábhartha an Aontais i réimsí an chultúir, na meán agus na saoránach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, lena n□áirítear, i gcás inarb infheidhme, trí chomhar i measc údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara.

(da) **bunú agus gníomhaíochtaí Deasc Cláir i dtíortha rannpháirteacha sna tíortha rannpháirteacha chun tacú lena ngníomhaíochtaí freisin agus comhar trasteorann a spreagadh chomh maith le malartú dea-chleachtas in earnálacha atá cumhdaithe faoin gClár. Ina theannta sin, féadfaidh na Deasca Cláir a bheith freagrach freisin as treoir neamhchlaonta, faisnéis phraiticiúil agus cúnamh a sholáthar d'iarratasóirí, do pháirtithe leasmhara agus do thairbhithe an Chláir i dtaca le gach gné de, lena n-áirítear i ndáil leis an nós imeachta iarratais, scaipeadh faisnéise so-úsáidte agus torthaí an Chláir, fiosrúcháin le haghaidh comhpháirtithe, oiliúint agus foirmiúlachtaí.**

(d) i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Feidhmíocht], cur chun cinn an Chláir, agus a dheiseanna cistiúcháin, lena n□áirítear trí Dheasca Cláir, agus dá réir sin for□rochtain, infheictheacht agus scaipeadh thorthaí an Chláir a fheabhsú;

Cinnfear maoiniú tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí trasearnálacha agus cothrománacha de réir a gcineáil agus a raoin feidhme.

*Réasúnú*

*Iarraidh ghinearálta ó na toscaireachtaí is ea leanúint le deasca cláir/pointí teagmhála an chláir Eoraip na Cruthaitheachta agus an Chláir CERV. Mhol an uachtaránacht 'Deasca Cláir', an téarma a mhol an Coimisiún in Airteagal 10(d). Choinnigh an Uachtaránacht an briathar 'féadfaidh' maidir leis an snáithe CERV+, mar nach bhfuil sé éigeantach faoin gClár CERV reatha pointí teagmhála a bhunú. Tá an Uachtaránacht den tuairim — mar is amhlaidh inniu — gur féidir deasca cláir a eagrú ar go leor bealaí, agus nach gá, dá bhrí sin, cumraíochtaí na ndeasc a shonrú sa téacs.*

*Tá na leasuithe bunaithe ar Airteagail 7(d) den Chlár Eoraip na Cruthaitheachta agus Airteagal 21 den Chlár CERV.*